

CLEACHTADH 4: TREOIR DON PHOBAL

Tá plé sna nótaí thíos ar chuid de na dúshláin chomhréire agus foclóra a bhaineann leis an téacs áirithe seo. Iarradh ort nótaí a bhreacadh síos faoi na dúshláin a bhí le sárú agat féin; seans láidir go bhfuil dúshláin bhreise le plé agat féin.

ACCIDENT REPORTING PROCEDURES¹

An accident² is an unplanned event³ which causes⁴ or has the potential⁵ to cause damage to people, equipment,⁶ products or the environment.⁷ In the event of an accident, a report⁸ will be written giving⁹ details of:

1. The name and address¹⁰ of those¹¹ injured
2. Date and time of the accident
3. Place where the accident occurred
4. Detailed¹² account of the incident
5. Name and address of witnesses (if any)¹³

The Health and Safety Authority will be notified, using FORM IR1, in the event of:

- An accident resulting in death¹⁴
- An accident that results in absence from work¹⁵ for a period of three days (not including day of accident)
- An accident that causes the death of, requires medical treatment to, a person not at work,¹⁶ including members of public.

The Health and Safety Authority will be notified, using FORM IR3, of any dangerous¹⁷ occurrence.

1. Is minic gur mar seo a aistrítear an teideal: GNÁSANNA TUAIRISCITHE TIMPISTÍ. Níl sé sin mícheart ach is deise, ó thaobh na stíle de, an tsraith focal a bhriseadh: GNÁSANNA MAIDIR LE TUAIRISCIÚ TIMPISTÍ (nó TIMPISTÍ A THUAIRISCIÚ).

Tá cinneadh le déanamh maidir le *procedures* chomh maith. Dhéanfadh [nósanna imeachta](#) an teideal níos casta ná mar is gá. B'fhearr leagan aonfhoclach mar [gnásanna](#). Féach an difear idir GNÁSANNA MAIDIR LE TIMPISTÍ A THUAIRISCIÚ agus NÓSANNA IMEACHTA TUAIRISCITHE TIMPISTÍ, atá beagnach dothuigthe.

2. Tá rogha focal ann chun *accident* a aistriú: [timpiste](#), [taisme](#), [tionóisc](#). Cibé ceann a roghnófaí, ba cheart cloí leis ó thús deireadh an téacs.

3. Ní gan dua a dhéantar *event* a aistriú. Roghnaíonn roinnt daoine [ócáid](#) agus [imeacht](#) ach sílim gur le ciall eile den fhocal *event* a bhaineann siad sin: *a planned public or social occasion*, m.sh. 'imeachtaí spóirt' nó 'ócáid cheiliúrtha'. B'fhearr leas a bhaint as focail mar [tarlúint](#), [teagmhas](#), agus fiú amháin [eachtra](#).

4. B'fhearr gan [cúisigh](#) a úsáid sa chiall *cause to happen*. Iad siúd a léifeadh é sin, mheasfaidís gur *to accuse* nó *to charge* atá i gceist, rud nach mbeadh aon chiall leis san abairt seo. Tá bealaí eile sa Ghaeilge chun *causation* a chur in iúl. Féach [CÚISIGH](#) sa bhunachar Cruinneas.
5. Focal úsáideach is ea [poitéinseal](#) (bíodh is nach dtugtar slán i gcónaí an difear idir é agus an aidiacht [poitéinsiúil](#)) ach ní theastaíonn sé san abairt seo. Níl ann ach go bhféadfadh timpiste dochar a dhéanamh. Féach ['POTENTIAL' A AISTRIÚ](#) sa bhunachar Cruinneas.
6. Seachain gan ~~treallamh~~ a scríobh. 'L' amháin atá i lár an fhocail, de réir FGB.
7. Is minic a chuireann aistritheoirí tús mar seo ar an abairt Ghaeilge: 'Timpiste is ea tarlúint neamhphleanáilte ar bith...'. Is leor Béarla a chur air sin le go bhfeicfear údar na débhríochta: *Any unplanned event is an accident*. Ní hé sin ciall an Bhéarla.
8. Féach [TUAIRISC/TUARASCÁIL](#) sa bhunachar Cruinneas.
9. B'fhearr gan 'ag tabhairt sonraí' a scríobh ansin ach geireann an Bhéarla a aistriú ar shlí eile. Féach [AG MAR NASC](#) sa bhunachar Cruinneas.
10. Ó tharla leagan iolra a bheith ag teacht sna sála air seo (*those*), measann daoine go gcaithfidh 'ainmneacha agus seoltaí' a scríobh i nGaeilge. Níl sin riachtanach. Féach [IOLRA NÓ UATHA?](#) sa bhunachar Cruinneas.
11. Is minic a scríobhtar 'ainm agus seoladh iad siúd a gortaíodh'. Tá sin beagáinín cosúil le 'cóta mé' agus 'teach é' seachas 'mo chóta' agus 'a theach'. Ní mór ainmfhocal a chur isteach: 'ainm agus seoladh pé duine a gortaíodh'.
12. Bíodh is gur aidiacht bhriathartha é *detailed*, ní gá 'mionsonraithe' a scríobh i nGaeilge. Is fearr a thuigfí 'mionchuntas' nó a leithéid.
13. Baineann *if any* tuisle as go leor aistritheoirí. Seo cuid de na hiarrachtaí a dhéantar air:
- Ainmneacha agus seoltaí finnéithe (má bhí siad ann).
Más finnéithe iad, is cinnte go raibh siad ann agus go bhfaca siad an timpiste.
 - Ainm agus seoladh na bhfinnéithe (más ann).
Ardaítear ceist ansin faoi rud éigin a bheith ann, ach cad é atá i gceist – finnéithe nó ainm agus seoladh?
 - Ainmneacha agus seoltaí finnéithe (má bhaineann le hábhar).
Is cinnte go mbaineann an t-eolas sin le hábhar.
14. Ní hannamh a théann aistritheoirí in abar ansin. Bíonn ord na bhfocal iomrallach acu, go scríobhann siad leaganacha den chineál seo: 'Timpiste a bhfuil toradh báis air.' Má chuirtear Béarla air sin, is é atá ann: *An accident that has a death result*. Bíonn leaganacha fada strambánacha ann, mar shampla 'tionóisc a bhfuil bás an té a gortaíodh de thoradh uirthi.' Níl feidhm le habairt chomh casta leis sin nuair nach bhfuil i gceist ach bás de bharr timpiste.

15. Níl ‘neamhláithreacht ón obair’ mícheart. Go deimhin, is dócha gurb é sin an leagan a d’úsáidfí i ndoiciméad oifigiúil. Seans gurbh fhearr an teibíocht a sheachaint sa chás seo, áfach.

16. Caithfear a bheith faichilleach gan a thabhairt le fios go bhfuil an duine dífhostaithe.

17. Bíodh an litriú ceart: ‘dainséarach’.

Aistriúchán samplach Gaeilge

Ag seo thíos m’iarracht féin ar an téacs a aistriú. Ní mhaím gur aistriúchán foirfe é.

GNÁSANNA MAIDIR LE TUAIRISCIÚ TIMPISTÍ

Is é is timpiste ann ná eachtra a thiteann amach gan choinne agus a dhéanann dochar (nó a d’fhéadfadh dochar a dhéanamh) do dhaoine, do threalamh, do tháirgí nó don timpeallacht. Má tharlaíonn timpiste, ní mór tuairisc a scríobh agus na mionsonraí seo a leanas inti:

1. Ainm agus seoladh na ndaoine a gortaíodh
2. Dáta agus am na timpiste
3. An áit ar tharla an timpiste
4. Mionchuntas ar an timpiste
5. Ainm agus seoladh cibé finnétithe a bhí ann.

Úsáid FOIRM IR1 chun an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta a chur ar an eolas faoi:

- Timpiste mharfach
- Timpiste is cúis le duine bheith as láthair ón obair ar feadh trí lá (gan lá na timpiste a chur san áireamh)
- Timpiste ina maraítear duine nach bhfuil ag obair san áit, nó ina gcaithfear cóir leighis a chur ar a leithéid de dhuine, daoine den ghnáthphobal san áireamh.

Úsáidfear FOIRM IR3 chun an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta a chur ar an eolas faoi eachtra chontúirteach ar bith.